Coláiste Phádraig,

Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9.

COLÁISTE DE CHUID OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Scríbhneoir Cónaithe i Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig 2008-2009

comhurraithe ag an gComhairle Ealaíon agus ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach

Cuirfear tús an fómhar seo le Scéim Cónaitheachta do Scríbhneoir Gaeilge i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, scéim atá comhurraithe ag an gComhairle Ealaíon agus ag Coláiste Phádraig.

Fáilteofar roimh iarratais ó scríbhneoirí Gaeilge ar an bpost mar Scríbhneoir Cónaithe don bhliain acadúil 2008-2009. Beidh an Scríbhneoir Cónaithe ag obair i Roinn na Gaeilge sa Choláiste agus tabharfaidh sé/sí léachtaí, ranganna agus ceardlanna ar ghnéithe éagsúla de scríbhneoireacht chomhaimseartha na Gaeilge. Chomh maith leis sin, cuirfidh an scríbhneoir le hobair Roinn an Oideachais agus Roinn an Bhéarla, de réir mar is cuí. Tabharfaidh an scríbhneoir tacaíocht do scríbhneoirí cruthaitheacha phobal an Choláiste agus déanfar teagmháil leis an bpobal áitiúil agus le pobal na tíre trí léamha poiblí agus rannpháirtíocht in imeachtaí litríochta eile a eagrófar. Tá sé i gceist go gcuirfeadh an tréimhse mar Scríbhneoir Cónaithe deis luachmhar ar fáil don scríbhneoir a s(h)aothar cruthaitheach féin a fhorbairt agus a chur chun cinn i suíomh tacúil oideachais.

Íocaíocht: €20,000 sa bhliain.

Modh Iarratais: Le cur isteach ar an bpost mar Scríbhneoir Cónaithe i gColáiste Phádraig, níor mhór d'iarratasóirí litir iarratais, in éineacht le Cúrsa Beatha ina mbeidh cur síos ar thaithí an iarratasóra i suíomh oideachasúil, a sheoladh chuig:

Mary Donnelly, Bainisteoir Acmhainní Daonna,
Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9.

Teil: 01-8842023, Facs: 8842243, R-phost: Mary.Donnelly@spd.dcu.ie

Tuilleadh eolais le fáil ag: www.spd.dcu.ie/vacancies

Níor mhór don iarratas a bheith istigh faoi:
12.00 meán lae ar an Aoine 12 Meán Fómhair 2008.

D'fhéadfadh sé go gcuirfí iarratasóirí faoi agallamh mar chuid den phróiseas roghnaithe.

Glacfaidh an Chomhairle Ealaíon páirt san phróiseas roghnaithe.

Fostóir comhionannais is ea Coláiste Phádraig